

Buama sa Rúis

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi bhuama sa Rúis. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann tú iad?

1. na scórtha _____
2. gortaithe _____
3. srápnal _____
4. ionsaí sceimhlitheoireachta _____
5. pléascadh _____
6. údair _____
7. na meáin shóisialta _____
8. na gairis _____
9. cuir as an áireamh _____
10. beartais bhreise slándála _____

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideodh sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí na focail leis an teagascóir.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus tabhair cuntas gearr don duine in aice leat faoi ábhar na míre.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cén áit a raibh an t-ionsaí sceimhlitheoireachta agus cathain a tharla sé?
2. Cé mhéad duine a maraíodh agus a gortaíodh sa phléascadh?
3. Cad a léirigh na meáin shóisialta?
4. Cad a bhí le rá ag Vladimir Putin faoin ionsaí?

Ceist 4 ‘...an dara cathair...’

Líon na bearnaí sa tábla thíos chun na rialacha a bhaineann leis na horduimhreacha a léiriú.

	cathair	urlár	teach	sráid
an chéad				
an dara				
an tríú				
an ceathrú				
an cúigiú				
an séú				
an seachtú				
an t-ochtú				
an naoú				
an deichiú				

Ceist 5 *An modh ordaitheach*

A. Cuir na briathra seo sa mhodh ordaitheach (uatha agus iolra):

tar, fiosraigh, bí, léirigh, cuir, ionsaigh

Féach ar na samplaí thíos chun cabhrú leat:

<i>tóg</i>	<i>tógaigí</i>
<i>léigh</i>	<i>léigí</i>
<i>suigh</i>	<i>suígí</i>
<i>ceannaigh</i>	<i>ceannaígí</i>
<i>imir</i>	<i>imrígí</i>

B. Cad faoin bhfoirm dhiúltach? Féach:

Ná tógaigí
Ná himrígí

Cuir na briathra: *tar, fiosraigh, bí, léirigh, cuir* agus *ionsaigh* sa mhodh ordaitheach, diúltach.

C. Anois, mínigh don duine in aice leat conas mias simplí a dhéanamh. Mar shampla:

Uibheacha scrofa

- ✓ Bris na huibheacha i mbabhla agus doirt braon beag bainne nó uachtair isteach leo.
- ✓ Cuir salann agus piobar leis na huibheacha agus measc le chéile go maith iad.
- ✓ Leáigh píosa ime i sásan agus cuir na huibheacha leis.
- ✓ Measc na huibheacha go leanúnach ar theas measartha. Bí cúramach nach ndófar na huibheacha agus nach ngreamófar den sásan iad.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cén fáth a bhfuil líon ard ionsaithe sceimhlitheoireachta san Eoraip faoi láthair, dar leat?
2. Cén cineál uachtaráin é Vladimir Putin, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

- | | |
|--------------------------------|-------------------------------------|
| 1. na scórtha | <i>the scores</i> |
| 2. gortaithe | <i>hurt, injured</i> |
| 3. srapnal | <i>shrapnel</i> |
| 4. ionsaí sceimhlitheoireachta | <i>terrorist attack</i> |
| 5. pléascadh | <i>explosion</i> |
| 6. údair | <i>causes, reasons</i> |
| 7. na meáin shóisialta | <i>social media</i> |
| 8. na gairis | <i>the devices</i> |
| 9. cuir as an áireamh | <i>rule out</i> |
| 10. beartais bhreise slándála | <i>additional security policies</i> |

Ceist 2

Tabhair deis do gach beirt an tuairisc a phlé le chéile.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

	cathair	urlár	teach	sráid
an chéad	chathair	urlár	teach	sráid
an dara	cathair	hurlár	teach	sráid
an tríú	cathair	hurlár	teach	sráid
an ceathrú	cathair	hurlár	teach	sráid
an cúigiú	cathair	hurlár	teach	sráid
an séú	cathair	hurlár	teach	sráid
an seachtú	cathair	hurlár	teach	sráid
an t-ochtú	cathair	hurlár	teach	sráid
an naoú	cathair	hurlár	teach	sráid
an deichiú	cathair	hurlár	teach	sráid

Ceist 5

<i>tar:</i>	tar (ná tar)	tagaigí (ná tagaigí)
<i>fiosraigh:</i>	fiosraigh (ná fiosraigh)	fiosraígí (ná fiosraígí)
<i>bí:</i>	bí (ná bí)	bígí (ná bígí)
<i>léirigh:</i>	léirigh (ná léirigh)	léirígí (ná léirígí)
<i>cuir:</i>	cuir (ná cuir)	cuirigí (ná cuirigí)
<i>ionsaigh:</i>	ionsaigh (ná hionsaigh)	ionsaígí (ná hionsaígí)

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Thar lear, tá deichniúr marbh agus na scórtha gortaithe in ionsaí buamála i gCathair Pheadair, an dara cathair is mó sa Rúis. Tuairiscítear gur buama lán le srápnal ba chúis leis an bpléascadh. Ionsaí sceimhlitheoireachta a thug Príomh-Aire na Rúise air, cé go bhfuil údair eile fós á bhfiosrú.

Tuairiscítear gur ar thraein a bhí ag tarraingt amach as stáisiún Metro Sennaya i lár Chathair Pheadair a tharla an pléascadh, thart ar a leathuair tar éis a dó. Léiríonn radharcanna¹ a cuireadh ar na meáin shóisialta ón láthair an damáiste a deineadh² – gur cuireadh amach doirse na traenach agus go raibh roinnt daoine ina luí ar an ardán agus iad gortaithe. Dúirt ceann de na háisíneachtaí nuachta go mba léir go raibh srápnal i gceann de na gairis.

Bhí Uachtarán na Rúise, Vladimir Putin, i gCathair Pheadair ar maidin agus dúirt sé go bhfuil na seirbhísí slándála ar a ndícheall ag iarraidh a dhéanamh amach céard ba chúis leis an bpléascadh. Dúirt sé nach bhféadfaí ionsaí sceimhlitheoireachta a chur as an áireamh. Tá an gréasán traenach faoi thalamh i gCathair Pheadair dúnta ó shin agus tuairiscítear go bhfuil beartais bhreise slándála curtha i bhfeidhm i Moscó.

¹ *radhairc* an leagan caighdeánach

² *rinneadh* an leagan caighdeánach